National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Foghlaim Seirbhíse in Iodáilis

Tá raon modúl foghlaim seirbhíse ar fáil in OÉ Gaillimh trínar féidir le mic léinn tabhairt faoi ghníomhaíocht chreidiúnaithe a bhaineann leis an ábhar staidéir atá roghnaithe acu, mar aon le gníomhaíocht a théann chun tairbhe an phobail.

Comhthéacs Teagaisc

Ábhar	Iodáilis
Rionn	Roinn na hIodáilise
Rannpháirtithe	Mic Léinn sa 3ú & 4ú Bliain sna Dána
Oideolaíocht	Foghlaim seirbhíse / foghlaim pobalbhunaithe
Modh	Ullmhúchán sa seomra ranga ar dtús agus ansin obair i mbunscoileanna áitiúla.
Rannpháirtithe	20 mac léinn
Uaireanta	24 uair (12 ag obair i measc an phobail)
Creidiúintí	5 ECTS
Bunábhair	Pleananna teagaisc agus maingíní cluichí
Measúnacht	Áiríonn modhanna measúnachta dearbhú ar rannpháirtíocht na mac léinn ina gcuid foghlaim féin. I measc na modhanna tá: próifíl phearsanta foghlama, pleananna agus tuairiscí ranga.
Fad	Dhá sheimeastar
Comhpháirtithe Pobail	Scoil Bhríde, Seantalamh; Scoil Náisiúnta Belmont, Tuaim; Scoil Chroí Íosa, Caisleán Nua; Scoil Náisiúnta San Nioclás, An Cladach; agus Scoil Náisiúnta *Galway Educate Together*, Caisleán Nua.
Roghnach/ Éigeantach	Roghnach
Bliain Tosaithe an Mhodúil	2006/2007

Réamhrá

Is é atá mar aidhm le foghlaim seirbhíse misean obair phoiblí an ardoideachais a thabhairt chun beochta agus an tábhacht a bhaineann le freagracht shóisialta agus feasacht phoiblí a thabhairt ar aire do mhic léinn. Uirlis oideolaíoch atá ann a thugann spreagadh do mhic léinn foghlaim agus iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an tsochaí – laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Foghlaimíonn mic léinn trí rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal.

Foghlaim Seirbhíse in Iodáilis

Is é atá mar aidhm leis an modúl seo deis a thabhairt do mhic léinn atá i mbun staidéar a dhéanamh ar an Iodáilis mar chuid den B.A., foghlaim faoi shealbhú teanga. Cuireann na mic léinn an méid atá foghlamtha acu i bhfeidhm trí bhunranganna Iodáilise a theagasc i mbunscoileanna áitiúla. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh seo dearcaí dearfacha a chothú i ndáil le foghlaim teanga – i measc na mac léinn bunscoileanna agus tríú leibhéal araon.

Bonn Acadúil

Modúl roghnach é an clár foghlaim seirbhíse a mbaineann cúig ECTS leis. Sa chéad seimeastar leagtar an bhéim ar theoiric agus ar chleachtas sealbhú teanga agus é seo a chomhtháthú leis an obair phraiticiúil. Bíonn na léachtaí dírithe ar ábhair cosúil leo seo a leanas – buneolas ar theanga iasachta a theagasc agus sealbhú teanga; rang teanga a dhearadh; úsáid a bhaint as cluichí mar uirlis teagaisc; cultúr agus comhthéacs; agus foghlaim seirbhíse – coincheapa, prótacal agus an próiseas machnamhach.

Sa dara seimeastar, le tacaíocht an chomhordaitheora acadúil, forbraíonn mic léinn ceachtanna Iodáilise 40-50 nóiméad; ceachtanna a bhíonn dírithe ar réimsí ar leith den churaclam. Ansin caitheann na mic léinn tríú leibhéal ocht seachtaine ag teagasc Iodáilise i mbunscoileanna áitiúla.

Is iad na príomhchuspóirí a bhaineann le foghlaim seirbhíse deiseanna a chruthú chun teoiric agus cleachtas a chomhtháthú agus a nascadh, comhpháirtíochtaí idir an Ollscoil agus an pobal ginearálta a fheabhsú, agus cumas obair phoiblí, acadúil, phearsanta agus ghairmiúil na mac léinn a fheabhsú trí fhoghlaim ó thaithí.

Measúnacht

Nuair a bhíonn na ranganna Iodáilise críochnaithe, glacann mic léinn páirt i bpróiseas machnamhach – gné bhunúsach d'fhoghlaim seirbhíse. I rith an phróisis seo meastar conas mar atá ag éirí leis na ranganna. Ina theannta sin, ní mór do na mic léinn machnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad ó bheith páirteach sa chlár.

Tairbhe do Mhic Léinn

Tugann Foghlaim Seirbhíse san Iodáilis deis do mhic léinn ollscoile an méid atá foghlamtha acu a úsáid i gcomhthéacs dáiríre, rud a chiallaíonn go mbíonn siad bródúil as an méid atá foghlamtha acu agus go n-éiríonn siad níos muiníní, mar aon le scileanna nua a fhoghlaim. Chomh maith leis sin, forbraíonn an modúl seo naisc leis an bpobal, tugann sé deis do mhic léinn freagracht shóisialta agus comhpháirteachas poiblí a léiriú.

Ina theannta sin, faigheann mic léinn deis a bheith ag teagasc os comhair a bpiaraí d'fhonn cuid de na smaointe atá acu i gcomhair ranganna a chleachtadh agus cur lena muinín. Chomh maith leis sin, pléitear ceisteanna a bhaineann le bainistíocht ranga agus pléitear na straitéisí oiriúnacha sna ranganna ullmhúcháin.

Tairbhe don Phobal

Tríd an modúl foghlaim seirbhíse bíonn bunscoileanna áitiúla in ann rang teanga Eorpach a reáchtáil, gan gá a bheith le hacmhainní breise. I measc na leanaí bunscoile a bhíonn rannpháirteach tá leanaí idir 8 agus 10 mbliana d'aois agus bíonn na ranganna á dteagasc go hidirghníomhach agus ar bhealach a chinntíonn go mbaineann na leanaí taitneamh as na ranganna. Cothaítear agus forbraítear an spéis atá acu i dteangacha nua agus a gcumas teanga a fhoghlaim.

Sa chlár píolótach, ní raibh eolas ar bith ag formhór na leanaí ar Iodáilis agus ba é an chéad taithí a bhí ag formhór acu teanga Eorpach a fhoghlaim freisin, rud a chiallaigh go raibh an bhéim ar theanga a theagasc trí spraoi agus cluichí.

Ag deireadh an chláir, tugadh cuireadh do na leanaí teacht chomh fada le campas OÉ Gaillimh agus páirt a ghlacadh i 'Lá Iodáilise'. Bronnadh teastais ar bheagnach 100 leanbh scoile as a bheith páirteach sna ranganna Iodáilise agus ghlac siad páirt, ina dhiaidh sin, i dtráth na gceist Iodáilise agus bhí pizza ar fáil do chách ina dhiaidh sin.

Dearcadh Acadúil

Labhair an Dr Anne O'Connor ó Roinn na hIodáilise in OÉ Gaillimh ar chomh maith is a d'éirigh leis an modúl píolótach foghlaim seirbhíse, "Bealach nuálach é seo le ranganna teanga a chur ar fáil i mbunscoileanna, ní bhíonn ar na scoileanna íoc astu, agus tá tairbhe le baint ag gach duine as. Baineann na mic léinn Ollscoile tairbhe as an gclár trí bheith páirteach sa phobal agus trí thaithí phraiticiúil teagaisc a fháil. Baineann leanaí bunscoile tairbhe as nuatheangacha a fhoghlaim mar nuair a théann siad ar aghaidh go dtí an dara leibhéal ní bheidh an oiread céanna dua ag baint le teanga nua a fhoghlaim. Baineann na scoileanna tairbhe freisin as tacaíocht na hOllscoile maidir le curaclam teanga iasachta a fhorbairt agus a chothú".